AN ÁISE THOIR

Is í an Áise an mhór-roinn is mó ar domhan ó thaobh fairsinge agus daonra de agus tá tábhacht mhór gheostraitéiseach léi don Aontas. Tá trí chomhpháirtí straitéiseacha ag AE san Áise Thoir: an tSín, an tSeapáin agus Poblacht na Cóiré. Tá buarthaí slándála ann i dtaobh an réigiúin seo, amhail an bhagairt núicléach sa Chóiré Thuaidh agus díospóidí muirí i Muir na Síne Theas. Is gníomhaí láidir eacnamaíoch é an tAontas agus is mórdheontóir cabhrach agus forbartha é a bhíonn ag saothrú chun forbairt institiúidí, daonlathas, dea-rialachas agus cearta an duine a chothú.

Tugann an bhileog eolais seo tuairisc ar réigiún na hÁise Thoir. Féach freisin na bileoga eolais ar an Áise Theas (5.6.7) agus ar an Áise Thoir Theas (5.6.9).

BUNÚS DLÍ

— Teideal V (gníomhaíocht sheachtrach AE) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE);

— Airteagail 206-207 (trádáil) agus Airteagail 216-219 (comhaontuithe idirnáisiúnta) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE);

— Comhaontuithe Comhpháirtíochta agus Comhair (CCCanna) (caidreamh déthaobhach).

AN ÁISE THOIR

A. An tSín

Rinne AE an caidreamh leis an tSín a athbhunú in 1994, ach is ann fós don trádbhac airm a d'fhorchuir an tAontas i ndiaidh gach ar tharla i gCearnóg Tiananmen in 1989. Tá léiriú ar an idirspleáchas méadaitheach eacnamaíoch agus geopholaitiúil idir an dá chomhpháirtí le feiceáil i gClár Oibre Straitéiseach 2020 don Chomhar idir an tAontas agus an tSín, lena ndearnadh doimhniú agus leathnú ar an gcomhar i raon leathan réimsí, amhail an beartas eachtrach agus slándála, forbairt eacnamaíoch, rialachas domhanda agus comhar iltaobhach i dtrádáil agus infheistíocht agus i réimsí sóisialta, comhshaoil agus eile, lena n-áirítear teagmhálacha duine le duine.

In 2016, ghlac an Coimisiún Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir le gnéithe de straitéis nua de chuid an Aontais Eorpaigh i ndáil leis an tSín, inar leagadh béim ar an ngá atá ann an tSín a thabhairt isteach ina phróiseas athchóirithe agus fós cómhalartacht, machaire chomhréidh agus iomaíocht chothrom a chur chun cinn sna réimsí comhair go léir. Sa straitéis bheartaithe sin, cuireadh béim freisin ar bhonneagar,

trádáil agus lúdracht dhigiteach agus duine le duine a chur chun cinn idir an dá thír bunaithe ar ardán oscailte agus trédhearcach atá bunaithe ar rialacha.

Ag tógáil ar straitéis 2016 mar a bhí molta, d'eisigh an Coimisiún Teachtaireacht Chomhpháirteach dar teideal 'AE-an tSín - Dearcadh straitéiseach' i Márta 2019, inar iarradh go mbeadh cur chuige ilghnéitheach ann a chlúdóidh réimsí beartais éagsúla agus a éileoidh aontacht iomlán Bhallstáit AE a mhéid a bhaineann le comhar leis an tSín. Sa dearcadh straitéiseach, iarradh go mbeadh rannpháirtíocht níos doimhne ann i saothrú comhleasanna ar an leibhéal domhanda agus dícheall níos mó chun dálaí cómhalartachta a chinntiú sa saol eacnamaíoch.

Rinneadh an 21ú Cruinniú Mullaigh AE-an tSín a thionól sa Bhruiséil an 9 Aibreán 2019, ag leanúint as an Idirphlé Straitéiseach AE-an tSín a bhí ar siúl sa Bhruiséil an 18 Márta 2019 mar ullmúchán don chruinniú mullaigh sin. Léiríonn an Comhráiteas a eisíodh an 9 Aibreáin 2019 go bhfuil iarracht leanúnach ar siúl don comhoibriú i dtaobh dúshláin dhomhanda, ach ní hamháin sin ach go bhfuil spreagadh á thabhairt freisin do chaidreamh eacnamaíoch déthaobhach atá bunaithe i bhfad níos mó ar neamh-idirdhealú, ar iomaíocht chothrom agus ar mhachaire chomhréidh. Go háirithe, chomhaontaigh AE agus an tSín go bhféachfaí le réitigh a fháil ar líon áirithe de bhacainní lárnacha atá sainaitheanta ag an dá chomhpháirtí, 'agus go ndéanfar athbhreithniú ar chúrsaí ag an gcéad Chruinniú Mullaigh eile idir AE agus an tSín'.

Deimhníodh sa Chomhráiteas go bhfuil ag AE agus an tSín, mar ghníomhaithe domhanda, freagracht chomhroinnte i dtaobh aghaidh a thabhairt ar dhúshláin réigiúnacha agus dhomhanda, amhail athrú aeráide agus cur chun feidhme chomhaontú aeráide Pháras (COP21), bagairtí slándála atá i gcoiteann acu, lena n-áirítear frithsceimhlitheoireacht agus cibearshlándáil, agus déanamh de réir an Phlean Chuimsithigh Chomhpháirtigh Gníomhaíochta leis an Iaráin i dtaca le clár núicléach na hIaráine. D'athdhearbhaigh siad freisin a thiomanta atá siad don iltaobhachas a neartú mar aon leis an gcóras trádála iltaobhach atá bunaithe ar rialacha, lena n-áirítear na próisis chun athchóiriú a dhéanamh ar na córais idirnáisiúnta airgeadaíochta agus airgeadais (lena n-áirítear cuótaí IMF) agus ar an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, a bhfuil meitheal chomhpháirteach curtha ar bun ag AE agus an tSín chuige sin. Dearbhaigh siad an tábhacht atá le G20 mar 'an príomhfhóram sa chomhar idirnáisiúnta i gcúrsaí eacnamaíochta agus airgeadais' a mhéid a bhaineann leis an gcóras iltaobhach a choinneáil ar bun. Gheall an dá pháirtí freisin feabhas a chur ar an lúdracht idir an Eoraip agus an Áise bunaithe ar rialacha an mhargaidh, trédhearcacht, soláthar oscailte, machaire chomhréidh agus iomaíocht chothrom agus go ndéanfaidís sineirgíochtaí a mhúnlú idir Straitéis AE chun an Eoraip agus an Áise a nascadh le chéile agus an Tionscamh do Chrios agus Ród na Síne.

Tá caibidlíochtaí fós ar siúil ar mhaithe le Comhaontú Infheistíochta Cuimsitheach déthaobhach agus uaillmhianach a bhaint amach, a bheidh dírithe ar mhachaire chomhréidh a chruthú do ghnólachtaí, ar dheiseanna nua a sholáthar sa mhargadh agus cosaint a thabhairt d'infheisteoirí agus dá gcuid infheistíochtaí, chomh maith le deis a thabhairt don dá thaobh tabhairt faoi uaillmhianta atá níos leithne agus níos doimhne.

Tá an tAontas fós ar mhór-chomhpháirtí trádála don tSín, agus is í an tSín an dara comhpháirtí trádála is mó atá ag an Aontas. Is fiú go mór os cionn EUR 1 5 billiún in aghaidh an lae an trádáil in earraí idir AE agus an tSín; agus in 2018 bhí onnmhairithe bliantúla AE ag EUR 210 mbilliún agus a chuid allmhairithe ag EUR 395 bhilliún. Ó thaobh onnmhairithe seirbhísí ó AE chuig an tSín de, bhain siad sin EUR 44 bhilliún amach in 2017, agus bhí luach EUR 28 mbilliún ag gabháil leis na seirbhísí a d'allmhairigh an tAontas. In 2017, ba isteach agus amach le EUR 30 billiún a bhí sna sreabha d'infheistíocht dhíreach choigríche (FDI) ón tSín isteach in AE, agus meastar gur thart ar EUR 6 bhilliún go EUR 7 mbilliún a bhí san infheistíocht FDI ó AE a rinneadh sa tSín.

Tá aird tarraingthe ag an bParlaimint ar sháruithe ar chearta an duine a bheith ag tarlú sa tSín, lena n-áirítear coinneáil threallach, campaí saothair, pionós an bháis, srianta ar shaoirse cainte agus comhlachais, ginmhilleadh faoi éigean, agus beartais ollsmachta sa Tibéid agus in Xinjiang. Thug an Pharlaimint freisin tacaíocht don iarraidh ó shaoránaigh na Síne go mbeadh athchóirithe[1] éifeachtúla polaitiúla ann agus cháin sí an chóir a cuireadh ar dhaoine éagsúla ina gcáil mar chosantóirí chearta an duine agus mar ghníomhaithe ar son na gceart sin. Tá an tSín ag seasamh go daingean in aghaidh aon 'chur isteach' ón taobh amuigh ina cuid gnóthaí inmheánacha, lena n-áirítear saincheisteanna ar chearta an duine. Tionóladh an 37ú babhta den Idirphlé um Chearta an Duine idir AE agus an tSín i mí Aibreáin 2019.

B. An Téaváin

Seasann AE leis an mbeartas dar teideal 'Aon Sín Amháin' agus ní thugann sé aitheantas don Téaváin mar stát ceannasach. Leanann AE, áfach, dá rannpháirteachas leis an Téaváin i réimsí neamhpholaitiúla, lena n-áirítear réimsí tráchtála agus eacnamaíocha amhail trádáil, taighde agus athrú aeráide.

Tá idirphlé dea-struchtúrtha i dtaobh cúrsaí eacnamaíocha agus trádála forbartha ag AE leis an Téaváin i líon áirithe earnálacha, amhail tionscal na gcarranna, cógaisíocht, cosmaidí agus feistí leighis. Is é an tAontas an ceathrú comhpháirtí trádála is mó atá ag an Téaváin, i ndiaidh na Síne, SAM agus na Seapáine, agus bhain an trádáil in earraí idir AE agus an Téaváin buaic nua amach in 2018 nuair a shroich sé EUR 51 9 billiún. Le stoic FDI de EUR 21 2 billiún ann in 2017, is é an tAontas an t-infheisteoir is mó sa Téaváin.

Tá an Pharlaimint go leanúnach ag iarraidh go mbeadh comhar déthaobhach níos dlúithe ann idir an tAontas agus an Téaváin i réimsí amhail an trádáil, an taighde, an cultúr, an t-oideachas, athrú aeráide agus an chosaint chomhshaoil, agus léiríonn sí a tacaíocht do chaibidlíochtaí a d'fhéadfaí a thionscnamh ar mhaithe le comhaontú infheistíochta a bhaint amach idir an tAontas agus an Téaváin.

Bhí a gcéad Chomhairliúcháin Bhliantúla um Chearta an Duine ag AE agus an Téaváin an 22 Márta 2018, ag ar pléadh saincheisteanna lárnacha a bhain le cearta an duine amhail uilechoitinne chearta an duine. Ag an gcruinniú, thug AE moladh don Téaváin

[1]Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 14 Márta 2013 maidir leis an gcaidreamh idir AE agus an tSín (IO C 36, 29.1.2016, lch. 126).

as na forálacha atá i bpríomhchúnaint NA um chearta an duine a ionchorprú isteach ina dhlí baile agus as an sásra athbhreithnithe idirnáisiúnta atá aici.

In Eanáir 2020, beidh an 15ú babhta de thoghcháin uachtaránachta ar siúl sa Téaváin. Tá an t-uachtarán reatha, Tsai Ing-wen ón bPáirtí Forchéimnitheach Daonlathach, ag rith sa toghchán faoi mar atá Han Kuo-yo ó Kuomintang (Páirtí Náisiúnach na Síne). Tá seisear iarrthóirí neamhspleácha san iomaíocht freisin don oifig phoiblí sin.

C. Hong Cong

Sa chaidreamh idir AE agus Hong Cong, clúdaítear forbairt trádála agus eacnamaíoch, comhar custaim, nuálaíocht agus teicneolaíocht, iomaíocht, sábháilteacht bia, an comhshaol agus oideachas. Ba é an tAontas an dara comhpháirtí trádála is mó in earraí a bhí ag Hong Cong in 2018, i ndiaidh mhórthír na Síne, agus ba é Hong Cong an 17ú comhpháirtí trádála i mó in earraí a bhí ag AE agus an 10ú ceann ó thaobh seirbhísí de. Bhí an 12ú Idirphlé Struchtúrtha idir AE agus Hong Cong ann i mí na Nollag 2018. Rinne AE Hong Cong a bhaint den liosta faire de dhlínsí neamh-chomhoibríocha i gcúrsaí cánachais an 12 Márta 2019, ag leanúint as feabhsúcháin atá déanta sa dea-rialachas.

Sa mholadh ó Pharlaimint na hEorpa an 13 Nollaig 2017,arna eisiúint ar chomóradh 20 bliain de bhunú Shainréigiún Riaracháin (SAR) Hong Cong, cuireadh béim ar an bhfíoras go bhfuil an urraim do Dhlí Bunúsach SAR Hong Cong mar rud a bhfuil tábhacht lárnach aige chun an caidreamh leis an Aontas a neartú tuilleadh. Cé go seasann AE leis an mbeartas dar teideal 'Aon Sín Amháin', agus go dtugann sé aitheantas d'agóid na Síne in aghaidh 'cur isteach i ngnóthaí inmheánacha', cáineann an moladh an cur isteach atá á dhéanamh ag an tSín ar ghnóthaí inmheánacha Hong Cong, rud a d'fhéadfadh inmharthanacht fhadtéarmach na samhla 'tír amháin, dhá chóras' a chur i mbaol. Tá méadú ar an bhforéigean agus corraíl leanúnach in Hong Cong tar éis tarlú de dhroim na léirsithe leanúnacha atá ar siúl ann, agus a thosaigh i Márta 2019 nuair a tugadh isteach an Bille um Chiontóirí Éalaitheacha agus um Chúnamh Dlíthiúil Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla. Áitíonn AE gur bearta maolaithe agus idirphlé atá ag teastáil chun teacht ar réiteach síochánta, chomh maith le hurraim do shaoirsí bunúsacha a dheonaítear faoin bprionsabal 'tír amháin, dhá chóras'. Measann an tAontas Eorpach go bhfuil tábhacht mhór le leibhéal ard uathrialach Hong Cong agus go gcaithfear é sin a chaomhnú ar shlí atá ag teacht leis an Dlí Bunúsach agus le tiomantais idirnáisiúnta. Tá urraim leanúnach do chearta agus saoirsí bunúsacha agus freisin do neamhspleáchas na mbreithiúna fós bunriachtanach le haghaidh na forbartha in Hong Cong.

D. An tSeapáin

Tá an tSeapáin ina comhpháirtí straitéiseach ag AE ó 2003 agus tá aici freisin cuid mhaith de luachanna an Aontais i ndáil le cearta an duine, an daonlathas agus an smacht reachta. Déanann an Comhaontú Comhpháirtíochta Straitéisí idir AE agus an tSeapáin, a tháinig i bhfeidhm ar bhonn sealadach an 1 Feabhra 2019 agus a chlúdaíonn idirphlé polaitiúil agus comhar ar nithe beartais agus ar dhúshláin réigiúnacha agus dhomhanda, an chomhpháirtíocht sin a thabhairt go dtí leibhéal níos airde. Neartóidh sé freisin an t-idirphlé idirpharlaiminteach idir an Pharlaimint agus Diet na Seapáine. Tháinig an Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíoch (EPA) idir AE agus an tSeapáin, ceann de na comhaontuithe saorthrádála is cuimsithí atá

ag AE, i bhfeidhm an 1 Feabhra 2019. Meastar go spreagfaidh sé sin trádáil agus fás eacnamaíoch ar an dá thaobh. Tá gealltanais san EPA a bhaineann le trádáil in earraí agus trádáil i seirbhísí araon, agus tá sé mar chreat chun infheistíochtaí déthaobhacha a chur chun cinn. Leagann sé amach freisin spriocanna uaillmhianacha le haghaidh forbairt inbhuanaithe agus áirítear ann den chéad uair gealltanas sonrach i leith chomhaontú aeráide Pháras.

Tá fís choiteann i gcomhar ag AE agus an tSeapáin ina samhlaíonn siad geilleagar domhanda oscailte agus bunaithe ar rialacha ina dtugtar ráthaíocht do na caighdeáin is airde.

Is í an tSeapáin an dara comhpháirtí trádála is mó atá ag AE san Áise, i ndiaidh na Síne, agus bhí EUR 135 bhilliún de thrádáil iomlán eatarthu in 2018. Tá an dá pháirtí fós tiomanta do thuilleadh feabhais a chur ar an gcaidreamh infheistíochta trí chomhaontú infheistíochta ar leithligh a thabhairt i gcrích go luath amach anseo, ina mbeadh caighdeáin cosanta infheisteora/infheistíochta agus sásra chun díospóidí a réiteach. Rinne AE agus an tSeapáin caibidlíocht maidir le leibhéal leormhaith cosanta sonraí a thabhairt chun críche an 17 Iúil 2018. An 23 Eanáir 2019, ghlac siad cinntí chun aitheantas a thabhairt do na córais cosanta sonraí atá acu araon mar chórais atá ‘coibhéiseach’, rud a chruthaíonn an limistéar is mó de shlánsreafaí sonraí ar domhan.

Sa 26ú cruinniú mullaigh idir an tAontas agus an tSeapáin a tionóladh an 25 Aibreán 2019, díríodh isteach ar athrú aeráide, slándáil réigiúnach agus trádáil, chomh maith leis an riocht a raibh an caidreamh déthaobhach ann. An 27 Meán Fómhair, le linn an dara cuairt a thug an Príomh-Aire Abe ar an mBruiséil in 2019, shínigh AE agus an tSeapáin Comhpháirtíocht um Nascacht Inbhuanaithe agus Bonneagar den Scoth idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin.

E. Poblacht na Cóiré (An Chóiré Theas)

Téann an caidreamh idir AE agus an Chóiré Theas siar go dtí Comhaontú 1997 maidir le comhar agus cúnamh riaracháin frithpháirteach in ábhair chustaim. Sa lá atá inniu ann, tá Poblacht na Cóiré ar cheann de na 10 gcomhpháirtí straitéiseacha atá ag AE i réimsí na slándála domhanda, an gheilleagair, an chomhshaoil agus an chomhair idirnáisiúnta. Tá fás as cuimse tagtha ar an trádáil dhéthaobhach idir AE agus an Chóiré Theas agus bhain sé buaicleibhéal de os cionn EUR 100 billiún amach in 2018. Is infheisteoir suntasach sa Chóiré Theas é an tAontas: is é EUR 51 billiún a bhí ina stoic FDI in 2017.

Tá earnáil eolaíochta agus teicneolaíochta na Cóiré Theas ar cheann de na cinn is bisiúla ar domhan. Féachann sé le díriú isteach ar an nuáil agus tá an-teist go deo air sa róbataic agus san intleacht shaorga, ag oscailt suas deiseanna nua chun comhar comhpháirteach san eolaíocht agus sa teicneolaíocht leis an Aontas a mhéadú.

Tá geilleagar an-digiteáilte ag an gCóiré Theas agus tá straitéis náisiúnta cibearshlándála á forbairt aici, tar éis do heaiceáil agus cibearionsaithe tarlú inti a chuir isteach ar na milliúin daoine agus suíomhanna oifigiúla. Tá sé curtha i leith na Cóiré Thuaidh, gurb í atá taobh thiar d’fhormhór na gcibearionsaithe móra. Tá méadú ag teacht ar an gcomhar idir AE agus an Chóiré Theas i réimse na gcibearbhagairtí. Bhí an 5ú Cibear-Idirphlé idir AE agus an Chóiré Theas ann i Meitheamh 2019 sa Bhruiséil.

Is iad na tosaíochtaí reatha don caidreamh idir an Chóiré Theas agus an Chóiré Thuaidh ná an rannpháirteachas eacnamaíoch agus an dí-núicléachas. Tháinig athrú ar chúrsaí nuair a ghlac an Chóiré Thuaidh páirt i gCluichí Oilimpeacha an Gheimhridh a bhí ar siúl in PyeongChang i bhFeabhra 2018. Tá a dhícheall ar siúl ag Uachtarán Moon Jae-in Phoblacht na Cóiré leis an teannas a laghdú trí idirphlé agus trí bhearta forbartha muiníne. Bhí trí chruinniú mullaigh ag an dá chríoch Chóiréach idir Aibreán agus Meán Fómhair 2018 in iarracht dlús a chur leis an dí-núicléachas. Mar sin féin, tháinig meathlú ar an gcaidreamh idir an dá chríoch Chóiréach in 2019 i ndiaidh chruinniú mullaigh Hanoi idir SAM agus an Chóiré Thuaidh agus is chun donais a chuaigh sé i Lúnasa 2019 i ndiaidh druil chomhpháirteach míleata ag SAM agus an Chóiré Theas nuair a dúirt an Chóiré Thuaidh gur sárú a bhí ann ar thrí chomhaontú a bhí tugtha i gcrích in 2018 agus nuair a chuir sí i leith na Cóiré Theas go raibh sí i gcomhcheilg le fórsaí eachtracha agus go raibh sí ag leanúint de bheith i mbun gníomhartha naimhdeacha faoi cheilt. Tacaíonn an tAontas le réiteach taidhleoireach a fháil ar an ngéarchéim núicléach i leithinis na Cóiré.

I mí an Mhárta 2017, dheimhnigh Cúirt Bhunreachtúil na Cóiré Theas cur as oifig an iar-uachtaráin, Park Geun-hye. I mBealtaine 2017, toghadh Moon Jae-in, ceannaire an Pháirtí Dhaonlathaigh (Páirtí Minjoo), mar uachtarán. Tá clár oibre uaillmhianach san fhás eacnamaíoch á chur chun feidhme ag an riarachán nua, trína bhfuil méadú ar chaiteachas an rialtais agus trína bhfuil beartais shóisialta athdháileacháin á saothrú. I Meán Fómhair 2019, shocraigh an tUachtarán Moon go ndéanfaí Cho Kuk a cheapadh mar an tAire Ceartais agus é de chúram air athchóirithe breithiúnacha a cheapadh, lena n-áirítear gníomhaireacht frithéillithe a chruthú a mbeadh sé mar aidhm aici oifigigh ardleibhéil a imscrúdú. Ach tháinig conspóid chun cinn chomh maith le líomhaintí d'éilliú, agus d'éirigh Cho Kuk as oifig an 14 Deireadh Fómhair 2019. Agus olltoghcháin le bheith ann in Aibreán 2020, rinne na líomhaintí sin damáiste don íomhá atá ag Páirtí Minjoo, páirtí an rialtais. I nDeireadh Fómhair 2019, bhí an tacaíocht ón bpobal don Uachtarán Moon ag an leibhéal is ísle ó 2017 in ainneoin gur gheall sé tús áite a thabhairt do phoist a chruthú, athchóirithe frithéillithe a thabhairt isteach agus éagothromaíocht a laghdú.

Thug toscaireacht ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha sa Pharlaimint cuairt ar an tSeapáin agus ar an gCóiré Theas in Aibreán 2018 agus é mar aidhm ag an toscaireacht sin na comhpháirtíochtaí straitéiseacha déthaobhacha a neartú chomh maith lena ngné pharlaiminteach.

Bhí an 9ú cruinniú mullaigh idir AE agus an Chóiré Theas ann an 19 Deireadh Fómhair 2018 sa Bhruiséil. Rinne AE agus an Chóiré Theas plé ar leathnú an chláir oibre dhéthaobhaigh agus ar na dúshláin is leithne a bhaineann le slándáil agus síocháin, go domhanda agus go réigiúnach, chomh maith le neamh-fhorleathadh airm ollscriosta.

I mí na Samhna 2019, thug toscaireacht den Tionól Náisiúnta ón gCóiré Theas cuairt ar Pharlaimint na hEorpa sa Bhruiséil do 21ú cruinniú idirpharlaiminteach. Bhí na pléite dírithe ar an gcomhaontú saorthrádála, ar athrú aeráide, ar shlándáil agus ar theicneolaíocht.

Tá ceithre cinn de chroí-choinbhinsiúin EIS nach bhfuil sínithe fós ag an gCóiré Theas, agus is iad sin na choinbhinsiúin ar shaothar éigeantais, ar shaoirse comhlachais, ar chosaint don cheart eagrúcháin agus ar chómhargáil. I nDeireadh Fómhair 2019, d'fhormheas an rialtas an dréachtreachtaíocht a bhí le seoladh chuig an Tionól Náisiúnta. Ní féidir a bheith cinnte an rithfear na billí mar gheall ar an bhfreasúra atá ann ó ghnólachtaí agus ó cheardchumainn.

F. Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré (DPDC/an Chóiré Thuaidh)

Tá beartas de 'rannpháirtíocht chriticiúil' ag AE i leith Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré (DPDC nó an Chóiré Thuaidh), ina gcuirtear brú uirthi le smachtbhannaí agus bearta eile ach fós cainéil chumarsáide oscailte a bheith aige léi. Tá an caidreamh déthaobhach teorannaithe, agus níl aon chonarthaí déthaobhacha polaitiúla ná tráchtála i bhfeidhm idir AE agus an Chóiré Thuaidh. Thairis sin, ag fágáil cúnamh daonchabhrach as an áireamh, tá comhar forbraíochta AE – go príomha comhar a bhaineann le slándáil bia – faoi réir chomaoineacha polaitiúla, smachtbhannaí ag na Náisiúin Aontaithe agus srianta eile. Tá roinnt rún rite ag an bParlaimint ina ndéantar cáineadh ar chláir núicléacha agus diúracán na Cóiré Thuaidh agus ina léirítear mórbhuairt faoi staid chearta an duine a bheith ag dul chun donais sa tír sin.

Mar chomhlánú agus mar threisiú le rúin ábhartha ó Chomhairle Slándála NA (2270, 2321, 2371, 2375 agus 2397), leathnaigh AE roinnt amanna an raon smachtbhannaí atá aige in aghaidh DPDC tríd an gcosc ar infheistíocht a leathnú amach ó sheirbhísí airgeadais agus iompar go dtí earnálacha nua. Áirítear ar na hearnálacha sin, an tionscal atá bainteach le gnáthairm, miotaleolaíocht, aerspás agus seirbhísí ríomhaireachta, chomh maith le seirbhísí atá nasctha le mianadóireacht agus monaróireacht sna tionscail ceimiceán, mhianadóireachta agus scagtha ola. In Aibreán 2018, chuir AE duine aonair amháin agus 21 eintiteas leis an liosta díobh siúd atá faoi réir bearta sriantacha atá spriocdhírithe ar DPDC mar gheall go raibh siad páirteach i ngníomhaíochtaí agus gníomhartha trádála mídhleathacha lenar éascaíodh éalú ó na smachtbhannaí. Ar an iomlán, tá 80 duine aonair agus 75 eintiteas liostaithe amhlaidh ag na Náisiúin Aontaithe agus tá 59 duine aonair agus 9 n-eintiteas curtha faoi smachtbhannaí dá dheoin féin ag AE.

Tar éis rannpháirtíocht chomhpháirteach na Cóiré Thuaidh leis an gCóiré Theas i gCluichí Oilimpeacha an Gheimhridh a bhí ar siúl in PyeongChang i mí Feabhra 2018, bhí trí chruinniú mullaigh idir an Chóiré Thuaidh agus an Chóiré Theas ann in Aibreán, Bealtaine agus Meán Fómhair 2018. Léirigh an fhorbairt stairiúil sin leas frithpháirteach an dá náisiún maidir le sprioc a shaothrú ina maolófaí ar an teannas agus ina gcuirfí chun cinn an tsíocháin ar leithinis na Cóiré.

Tionóladh an chéad Chruinniú Mullaigh DPDC-SAM an 12 Meitheamh 2018 i Singeapór. Chomhaontaigh Uachtarán na Cóiré Thuaidh, Kim Jong-un, agus Uachtarán SAM, Donald Trump, ina gComhráiteas an 12 Meitheamh 2018 go mbunófaí caidreamh nua ar bhonn Dhearbhú Panmunjom Aibreán 2018 a síníodh ag an gcruinniú mullaigh idir an dá chríoch Chóiréach. Gheall DPDC go n-oibreodh sé ionsar dhí-núicléachas iomlán ar leithinis na Cóiré. Bhí an dara Cruinniú Mullaigh DPDC-SAM ar siúl in Hanoi (Vítneam) an 27-28 Feabhra 2019, ach níor thángthas ar aon chomhaontú i dtaobh an dí-núicléachais. Dúirt Uachtarán Trump na Stát Aontaithe go raibh sé

toilteanach leanúint de na caibidlíochtaí le Kim Jong-un. Idir an dá linn, tá an caidreamh le SAM ina staic agus tá aon bhearta maolaithe calctha.

Ulrich Jochheim / Jorge Soutullo
11/2019